# Bring Dreams to Life
# Fíoraítear Aislingí



Annual Report 2008
Tuarascáil Bhliantúil 2008

National Lottery

## our vision

To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

## our mission

To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for Good Causes, on behalf of Government.

## our values

- **Integrity**
  We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.
- **Innovation**
  We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.
- **Teamwork**
  We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

## ár bhFís

Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

## ár misean

Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

## ár luachanna

- **Ionracas**
  Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.
- **Nuálaíocht**
  Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.
- **Obair Bhuíne**
  Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

# €18,963,441

**The 16-strong Dan Morrissey Group from Carlow broke National Lottery jackpot records in June when they won the biggest ever Lotto jackpot, worth €18,963,441. The win has helped some group members to bring their dreams to life. One member used his share to buy a rally car while another winner in the group bought two vintage steam engines.**

**Grúpa sé dhuine déag Dan Morrissey ó Cheatharlach a sháraigh gach curiarracht sa Chrannchur Náisiúnta nuair a bhain siad an ollduais Lotto ba mhó riamh, arbh fhiú í agus €18,963,441. Chuidigh an bhua le comhaltaí áirithe den ghrúpa a gcuid aislingí a fhíorú. Chaith duine amháin a sciar ar charr railí agus chaith buaiteoir eile sa ghrúpa a chuid ar dhá inneall gaile ón seanré.**



# Contents
# Ábhar


**Review of the Year**
**Athbhreithniú ar an mBliain**

Chairman's Statement 2
Ráiteas an Chathaoirligh

A Year of Winning Ways 4
Bliain na mBuanna

Our Games 6
Ár gCluichí

Review of Operations 8
Athbhreithniú Oibríochta

**Governance**
**Rialachas**

Board of Directors 24
An Bord Stiúrtha

Management 25
An Bhainistíocht

Report of the Directors 26
Tuarascáil na Stiúrthóirí

Statement of Directors' Responsibilities 35
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

**Finance**
**Airgeadas**

Report of the Independent Auditor 36
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

Statement of Accounting Policies 38
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta

Profit and Loss Account 40
Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Balance Sheet 41
Clár Comhardaithe

Cash Flow Statement 42
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Notes to the Financial Statements 43
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais




*Financial Highlights*
*Buaicphointí Airgeadais*

**Sales/Díolachán**

**€840.1m**

2007 €778.5m

**Prizes/Duaiseanna**

**€455m**

2007 €420.9m

**Costs/Costais**

**€117.3m**

2007 €112.1m

**Funds for Good Causes/ Cistí do Dhea-chúiseanna**

**€267.8m**

2007 €245.5m

# Chairman's Statement

## Ráiteas an Chathaoirligh



During 2008 a very significant milestone in the history of the National Lottery was reached when the cumulative funds raised for Good Causes since Ireland's National Lottery was first established in 1987 exceeded €3 billion. The actual amount raised in 2008 was €267.8 million, up from €245.5 million in 2007. This brought the total raised to €3,178 million – a very sizeable sum to have generated for Good Causes. When you consider that this money has been allocated by the Government, over the last 21 years, to worthwhile projects in the areas of Youth, Sports and Amenities; Health & Welfare; Arts, Culture & National Heritage, and the Irish Language, the ongoing positive impact of the National Lottery on local communities throughout Ireland can really be appreciated.

Le linn 2008 sroicheadh cloch mhíle an-suntasach i stair an Chrannchuir Náisiúnta, a chéad-bhunaíodh i 1987, nuair a sháraigh na cistí carnacha do Dhea-Chúiseanna €3 billiún. B'é €267.8 milliún an tsuim a gnóthaíodh i 2008, ar ardú í ó €245.5 i 2007. D'fhág sé seo gur tuilleadh móriomlán de €3,178 milliún – suim shuntasach gnóthaithe do Dhea-Chúiseanna. Nuair a chuirtear san áireamh gur leithdháil an Rialtas an t-airgead seo, le 21 bliana anuas, ar thionscadail fhiúntacha i réimsí na hÓige, Spóirt agus Áiseanna; Sláinte agus Leasa Shóisialaigh; na nEalaíon, an Chultúir is na hOidhreachta Náisiúnta, agus na Gaeilge, is féidir éifeacht dhearfach leanúnach an Chrannchuir Náisiúnta ar phobail áitiúla a mheas i gceart.

The record level of funds raised in 2008 was made possible by another year of strong growth. Sales increased by 7.9% to €840.1 million, up from €778.5 million in the previous year. This was the third consecutive year of development for the business and gives us an average annual growth rate of 10.9% since 2006.

This level of growth is even more noteworthy as it was achieved while introducing a major re-branding project, encompassing the National Lottery and all its products, and launching two completely new games. The two new games, Millionaire Raffle and Monday Million, were introduced as part of our game innovation strategy and we are very satisfied with our players' level of participation in these exciting games.

The main driver of the overall sales growth in 2008 was the successful performance of Lotto and the related Lotto Plus game during the year. Lotto sales were up by 6.6% to €381.4 million, while Lotto Plus sales increased from €100.1 million in 2007 to €109 million. A major contributing factor to these record levels of Lotto sales was the high number of large jackpots, including the biggest ever Lotto jackpot of almost €19 million, which was won by a syndicate of 16 players from Co Carlow in June.

In its first full year, EuroMillions Plus performed very well with sales of €33.1 million, up from €16.4 million in 2007, while sales of the main EuroMillions game were €109 million.

The steady increase in sales of National Lottery Scratch Card games continued in 2008 with a 5.8% increase to €170.2 million, while sales of our popular niche game, TellyBingo, also increased slightly to €13.9 million.

A total of €455 million was won by players in prizes, up €34.1 million, or 8.1%, from the previous year. Our strategy of making prize levels and opportunities more attractive to players has proven very successful and contributed to the record level of sales. 67% of all adults now play National Lottery games on a regular basis.

I am happy to report that operating costs for 2008, at 14% of sales, were down from 14.4% in the previous year. €94.5 million of these costs are directly related to sales and reflect the increased volume of business. Our 3,675 agents throughout the country received €52.3 million in commission and bonuses, while other costs of sales amounted to €42.3 million. Administration costs, at €19.8 million, accounted for 2.4% of sales, consistent with the previous year.

During 2008, the National Lottery continued to develop socially responsible business practices for the organisation. We are implementing our Responsible Gaming Policy based on the World Lottery Association's Responsible Gaming Principles.

The National Lottery's management team, its employees and its retail agents deserve particular recognition for the level of achievement attained in what was the busiest year yet in the history of the National Lottery. Their loyalty and commitment, as ever more ambitious targets were met, is commendable.

I would like to thank our regulator, the Minister for Finance, Brian Lenihan TD, his predecessor in the role, An Taoiseach, Brian Cowen TD, and the Department of Finance. Together with our other shareholder, An Post, they provided valuable support throughout the year. Thanks also to my Board colleagues whose valued wisdom and expertise was of great benefit to the Company.

Despite the uncertainty of the current economic environment, our vision for the National Lottery remains unchanged. We will continue to provide exciting and entertaining games for our players and, in doing so, we are confident that we will contribute strongly to Irish society. Our focus will be on increasing the funds for Good Causes through the ongoing development, innovation and growth of the business.

B'fhéidir an sár-leibhéal cistíochta i 2008 a bhaint amach i ngeall ar bhliain eile d'fhás neartmhar. Bhí méadú 7.9% ar an díolachán go dtí €840.1 milliún ó €778.5 milliún sa bhliain roimhe sin. B'í seo an tríú bliain forbartha as a chéile don ghnó, rud a fhágann go bhfuil ráta fáis bliantúil de 10.9% againn ó 2006 i leith.

Is suntasaí fós an leibhéal seo fáis nuair a chuimhnítear gur baineadh amach é an fhaid is a bhí tionscadal mór ath-bhrandála idir lámha, ar a n-áirítear an Crannchur Náisiúnta agus a chuid táirgí uile, agus dhá chluiche úrnua á seoladh. Tógadh isteach an dá chluiche nua, Millionaire Raffle agus Monday Million, mar chuid d'ár straitéis nuálaíochta cluichí agus bhíomar lánsásta le leibhéal rannpháirtíochta ár n-imreoirí sna cluichí spreagúla seo.

Sár-fheidhmíocht Lotto agus a chluiche gaolmhar, Lotto Plus, ba chionsiocair leis an bhfás iomlán a tháinig ar an díolachán le linn na bliana 2008. Tháinig méadú 6.6% ar dhíolachán Lotto go dtí €381.4 milliún agus d'fhás Lotto Plus ó €100.1 milliún i 2007 go dtí €109 milliún. Cúis mhór leis na sár-leibhéil seo díolacháin ba ea líon mór na n-ollduaiseanna, ar a n-áirítear an ollduais Lotto ba mhó riamh de beagnach €19 milliún, a bhuaigh sindeacáit de shé dhuine déag ó Cho. Cheatharlach mí an Mheithimh.

D'fheidhmigh EuroMillions Plus go sár-mhaith ina chéad bhliain iomlán, agus díolachán de €33.1 milliún aige, ar méadú é ó €16.4 milliún i 2007. Bhí díolachán de €109 milliún ar an bpríomh-chluiche EuroMillions.

Lean an fás seasmhach ar chluichí Scríobchártaí an Chrannchuir Náisiúnta le méadú 5.8% go dtí €170.2 milliún an fhaid is a tháinig fás beag go dtí €13.9 milliún ar ár gcluiche nideoige móréilimh, TellyBingo.

Bhuaigh imreoirí iomlán de €455 milliún, méadú €34.1 milliún nó 8.1% ón mbliain roimhe sin. Bhí rath ar ár straitéis leibhéil agus deiseanna buaite dhuaiseanna a dhéanamh níos tarraingtí do na himreoirí agus chuir sí leis an sár-leibhéal díolacháin. Imríonn 67% de dhaoine fásta cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta anois.

Is áthas liom a thuairisciú gur thit na costais oibríochta i 2008, arbh ionann iad agus 14% den díolachán, ó 14.4% an bhliain roimhe sin. Tá gaol díreach ag €94.5 milliún de na costais seo le díolachán agus léiríonn siad an méadú a tháinig faoin ngnó. Fuair ár 3,675 gníomhaire ar fud na tíre €52.3 milliún mar choimisiún is mar bhónais agus bhain €42.3 milliún le costais eile díolacháin. B'ionann an €19.8 milliún, a bhain le costais riaracháin, agus 2.4% den díolachán. Bhí sé seo ag teacht le figiúirí na bliana roimhe.

Le linn 2008 lean an Crannchur Náisiúnta de bheith ag forbairt cleachtais gnó a léirigh freagracht sóisialta don eagraíocht. Tá ár bPolasaí Cluichíochta Freagrach, atá bunaithe ar Phrionsabail Cluichíochta Freagracha Chumann Domhanda na gCrannchur (World Lottery Association) á chur i bhfeidhm againn.

Tá aitheantas ar leith tuillte ag foireann bainistíochta an Chrannchuir Náisiúnta, ag a cuid fostaithe agus gníomhairí, as an éacht a rinne siad le linn na bliana ba ghnóthaí riamh i stair an Chrannchuir Náisiúnta. Tá ard-mholadh ag dul dá dtiomantas is dá ndílseacht agus spriocanna níos uaillmhianaí ná riamh á mbaint amach acu.

Ba mhaith liom buíochas a ghabhail lenár rialtóir, An tAire Airgeadais, Brian Ó Luineacháin TD, leis an té a chuaigh roimhe, Brian Ó Comhain TD, agus leis an Roinn Airgeadais. I dteannta lenár scairshealbhóir eile, An Post, thug siad tacaíocht luachmhar dúinn le linn na bliana. Gabhaim buíochas chomh maith le mo chomhghleacaithe Boird. Chuaigh a ngaois luachmhar agus a saineolas go mór chun tairbhe an Chomhlachta.

In ainneoin na héiginnteachta sa timpeallacht reatha eacnamaíochta, níl aon athrú dulta ar ár bhfís don Chrannchur Náisiúnta. Leanfaimid orainn de bheith ag cur cluichí spreagúla agus taitneamhacha ar fáil dár n-imreoirí, agus tríd sin, beimid ag cur go láidir leis an sochaí Éireannach. Beimid ag díriú ar chur leis na cistí do Dhea-Chúiseanna trí fhorbairt leanúnach, trí nuálaíocht agus le fás ar an ngnó.

**Donal Connell**
Chairman, 17 February 2009
Cathaoirleach, 17 Feabhra 2009

# A Year of Winning Ways

# Bliain na mBuanna





### Greg Smyth from Louth collects Midweek Lotto Jackpot of €9,426,636

Greg Smyth from Baltray, Co Louth celebrated his Lotto jackpot win of €9,426,636 in National Lottery offices in August 2008. Despite the massive increase to his bank balance, the lucky 24 year old, son of well-known golfer Des Smyth, vowed to return to horticulture studies in September.

### Bailíonn Greg Smyth ó Lú Ollduais Lotto Lár-Seachtaine de €9,426,636

Bhailigh Greg Smyth ó Bhaile Trá, Co. Lú, a ollduais Lotto de €9,426,636 in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta mí Lúnasa 2008. In ainneoin a chuntas bainc a bheith méadaithe go mór, mhionaigh an t-ógfhear seo, a bhfuil 24 bliain slánaithe aige agus ar mac é leis an ngalfaire mór-chlú, Des Smyth, go bhfillfeadh sé ar a chuid staidéar gairneoireachta mí Mheán Fómhair.

### Antaine from Tyrone Wins Big on the Big Money Gameshow

The Summer TV Gameshow 'The Big Money Game' began its broadcast run on television screens in June and was a hit with players and viewers alike. Antaine O'Fearghaill from Co Tyrone won €285,250 on 'The Big Money Game' TV Gameshow in August, making him the biggest winner on a National Lottery TV Gameshow in 2008.



### Gnóthaíonn Antaine ó Thír Eoghain go mór ar Sheóchluiche Big Money

Tosaíodh ar Sheóchluiche Samhraidh teilifíse 'The Big Money Game' a chraoladh mí an Mheithimh agus bhí na himreoirí agus an lucht féachana araon an-tógtha leis. Bhuaigh Antaine Ó Fearghaill ó Cho. Thír Eoghain €285,250 ar Sheóchluiche teilifíse 'the Big Money Game' mí Lúnasa, rud a d'fhág go raibh sé ar an mbuaiteoir ba mhó ar Sheóchluiche teilifíse de chuid an Chrannchuir Náisiúnta le linn 2008.

### Lotto May Madness – 32 Porsches Won

The National Lottery's May Madness promotion gave Lotto and Lotto Plus players who matched five numbers plus the bonus number the chance to win their regular prize – plus a Porsche Cayman car worth €100,000. The lucky Auburn Group from Athlone, Co Westmeath won a Porsche but chose to take the value of the car in cash. Pictured with the Porsche are three members of the 20-strong Auburn group – (l-r) Catherine Dillon, Collette Middleton and Noeleen McGovern.

### May Madness Lotto – 32 Porsche buaite

Thug promóisean May Madness an Chrannchuir Náisiúnta carr Porsche Cayman, arbh fhiú €100,000 é, do bhuaiteoirí Lotto agus Lotto Plus anuas ar a ngnáth-dhuais ach cúig uimhir, móide an uimhir bhónais, a mheaitseáil. Bhí an t-ádh ar Ghrúpa Auburn ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí nuair a bhuaigh siad Porsche ach chinn siad ar luach airgid an chairr a thógáil ina áit. Sa phictiúr leis an Porsche tá triúr den 20 duine i ngrúpa Auburn – (ó chlé) Catherine Dillon, Collette Middleton agus Noeleen McGovern.






## Celebrity Winning Streak

On 31 December 2008, New Year's Eve, RTE broadcast a very special edition of Winning Streak hosted by Aidan Power and Kathryn Thomas. Entitled 'Celebrity Winning Streak,' five household names, including Keith Duffy, Rosanna Davison, Caroline Morahan, Bernard Dunne and Brian O Driscoll, participated in all the exciting games with the proceeds going entirely to the celebrities' chosen charities.

A total of €203,800 was won by the celebrity guests on behalf of Irish Autism Action, ISPCA, Our Lady's Children's Hospital, Crumlin, The Make A Wish Foundation and Temple Street Children's Hospital. Our picture shows Keith Duffy, accompanied by supporters of Irish Autism Action on whose behalf he won €31,500 on 'Celebrity Winning Streak.'

## Winning Streak na nIomráiteach

Ar 31 Nollaig 2008, Oíche na Seanbhliana, chraol RTÉ eagrán an-speisialta de Winning Streak a raibh Aidan Power agus Kathryn Thomas mar óstaigh air. 'Celebrity Winning Streak' a tugadh air. Ghlac cúigear, a bhfuil a n-ainmneacha i mbéal an phobail, ar a n-áiríodh Keith Duffy, Rosanna Davison, Caroline Morahan, Bernard Dunne agus Brian O'Driscoll, páirt sna cluichí spreagúla agus bronnadh na fáltais ina n-iomláine ar chumainn charthanachta a roghnaigh na hiomráitigh.

Bhuaigh na haíonna iomráiteacha iomlán de €203,800 thar ceann Irish Autism Action, an ISPCA, Ospidéal Páistí Mhuire, Cromghlinn, Fondúireacht Make a Wish agus Ospidéal Páistí Shráid an Teampaill. Inár bpictiúr, feictear Keith Duffy agus lucht tacaíochta Irish Autism Action mórthimpeall air tar éis dó €31,500 a bhuachan thar a gceann ar 'Celebrity Winning Streak'.

# Our Games
# Ár gCluichí

## Lotto

Lotto sales increased by 6.6% from €357.7 million in 2007 to a record level of €381.4 million in 2008. During the year, a total of €119.6 million was won in Lotto jackpots. In total, 29 new Lotto millionaires were created.

Bhí méadú 6.6% ar dhíolachán Lotto ó €357.7 milliún i 2007 go dtí uas-leibhéal nua de €381.4 milliún i 2008. Le linn na bliana, buadh luach €119.6 milliún in ollduaiseanna Lotto. Cruthaíodh 29 milliúnaí nua Lotto ina iomláine.

## EuroMillions

In 2008 overall sales of the EuroMillions game in Ireland were €142.1 million representing an increase of 5.2% on the 2007 figures. Ireland's biggest EuroMillions win in 2008 was a €15 million jackpot sold by Abbey Stores in Carrick-on-Suir, Co Tipperary in July.

EuroMillions Plus sales doubled, up to €33.1 million from €16.4 million in 2007. The game is exclusive to Ireland and gives players the chance to win up to €500,000.

I 2008 bhí mór-dhíolachán de €142.1 milliún ar chluiche EuroMillions in Éirinn, méadú de 5.2% ar fhigiúirí 2007. B'í ollduais de €15 milliún a dhíol Abbey Stores i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann an bhua EurMillions ba mhó in Éirinn i 2008.

Dhúbail díolachán EuroMillions Plus ó €16.4 milliún i 2007 go dtí €33.1 milliún. In Éirinn amháin a imrítear an cluiche seo agus tugann sé deis d'imreoirí suas le €500,000 a bhuachan.

## Lotto 5-4-3-2-1

Sales of Lotto 5-4-3-2-1 amounted to €11.2 million, representing a 2.9% increase. With a prize payout level of 66%, Lotto 5-4-3-2-1 continues to provide an attractive option for players. In 2008, players won a total of €7.4 million in prizes.

Bhí díolachán de €11.2 milliún ar Lotto 5-4-3-2-1 méadú de 2.9%. Toisc leibhéal díolachán duaise de 66% a bheith aige is rogha mealltach é Lotto 5-4-3-2-1 d'imreoirí i gcónaí. Le linn 2008, bhuaigh imreoirí duaiseanna dar luach €7.4 milliún.

## Millionaire Raffle

The first ever Millionaire Raffle draw took place in August 2008. The draw was limited to 300,000 tickets, which cost €20 each. There were two guaranteed top prizes of €1 million and 530 further prizes at €100,000, €10,000, €5,000, €1,000 and €500 levels. Christina Buckley from Co Kerry became the first millionaire in the Millionaire Raffle game.

Bhí an chéad chrannchur Millionaire Raffle ann mí Lúnasa 2008. Bhí uasteorainn 300,000 le líon na dticéad a raibh €20 an ceann orthu. Bhí dhá dhuais de €1 milliún an ceann ráthaithe mar a bhí 530 duais eile de €100,000, €10,000, €5,000, €1,000 agus €500. B'í Christina Buckley ó Cho. Chiarraí an chéad mhilliúnaí i gcluiche Millionaire Raffle.

## Monday Million

Monday Million launched in September 2008 and generated sales of €6.2 million by the end of the year. With a 55% prize payout, players received €3.4 million in prizes last year. Eileen Farrelly from Co Monaghan won the top prize of €1 million in the first ever Monday Million draw.

Seoladh Monday Million mí Mheán Fómhair 2008 agus faoi dheireadh na bliana bhí €6.2 milliún ginte aige. Bíonn íocaíocht amach de 55% ar an gcluiche agus fuair imreoirí €3.4 milliún mar dhuaiseanna anuraidh. B'í Eileen Farrelly ó Cho. Mhuineacháin a bhuaigh an bharrdhuais de €1 milliún sa chéad chrannchur Monday Million riamh.

## Scratch Cards

During the year, Scratch Card sales grew by 5.8% up to €170.2 million from €160.9 million in 2007. Twenty-four new Scratch Card games were launched in 2008 ranging in price from €1 to €10.

Le linn na bliana, tháinig méadú 5.8% go €170.2 milliún ó €160.9 milliún i 2007 ar dhíolachán Scríobchártaí. Seoladh 24 cluiche nua Scríobchártaí i 2008 agus praghsanna orthu ó €1 go €10.

## Lotto Plus

The Lotto Plus game recorded strong growth in 2008. Sales increased by 8.8% to €109 million. Twenty-six lucky players won the Lotto Plus 1 top prize of €350,000 and 27 players won the Lotto Plus 2 top prize of €250,000.

Bhí fás láidir faoin gcluiche Lotto Plus i 2008. Bhí méadú 8.8% ar dhíolachán go dtí €109 milliún. Bhí an t-ádh ar 26 imreoirí Lotto Plus 1 a bhain an bharrdhuais de €350,000 agus ar 27 imreoir i Lotto Plus 2 a bhuaigh an bharrdhuais de €250,000.

## TellyBingo

TellyBingo sales increased to €13.9 million in 2008. A total of €9.9 million was won in prizes representing a 71% prize payout. There were 20 snowball winners during the year. The biggest snowball win was €65,000 and the ticket was sold in Dublin.

D'fhás díolachán TellyBingo go dtí €13.9 milliún i 2008. Buadh duaiseanna arbh fhiú iad agus €9.9 milliún. B'in íocaíocht amach de 71%. Bhí 20 buaiteoir 'snowball' ann le linn na bliana. B'é €65,000 and bhua 'snowball' ba mhó agus díoladh an ticéad i mBaile Átha Cliath.

## Winning Streak

In the autumn of 2008, an exciting new Winning Streak Dream Ticket Gameshow, hosted by Kathryn Thomas and Aidan Power, was broadcast on national television. On average over €200,000 was won each week on the popular Gameshow. Since the first ever Winning Streak show in 1990, over €107 million has been won by players in cash, cars and holidays.

I bhfómhar 2008, craoladh ar an teilifís náisiúnta seóchluiche nua spreagúil Winning Streak, Dream Ticket, arna chur i láthair ag Kathryn Thomas agus Aidan Power. Ar an meán, buadh os cionn €200,000 gach seachtain ar an Seóchlucihe móréilimh seo. Ón gcéad seó Winning Streak i 1990 go dtí an lá atá anois ann, bhuaigh imreoirí os cionn €107 milliún i bhfoirm airgid, carranna agus saoire.

## *Our Games at a Glance*

Total sales for National Lottery Games were €840.1 million which breaks down as follows...

## *Sracfhéachaint ar ár gCluichí*

B'ionann an díolachán iomlán ar Chluichí an Chrannchuir Náisiúnta agus €840.1 milliún. Is féidir an figiúr a bhriseadh síos mar seo a leanas...

**LOTTO GAMES | CLUICHÍ LOTTO**




**SCRATCH CARDS | SCRÍOBCHÁRTAÍ**




**EUROMILLIONS | EUROMILLIONS**




**OTHER GAMES | CLUICHÍ EILE**



# Review of Operations
## Athbhreithniú Oibríochta

I am pleased to report that 2008 was a busy and successful year for the National Lottery. Together with operating our established games and business, we successfully introduced our new corporate branding and launched a number of new games, including Millionaire Raffle and Monday Million, in the course of the year.

Is áthas liom a thuairisciú gur bhliain ghnóthach agus rathúil a bhí i 2008. Chomh maith lenár gcluichí is lenár ngnó seanbhunaithe a rith, d'éirigh linn brandáil chorparáideach nua a thabhairt isteach agus sheolamar roinnt cluichí nua, Millionaire Raffle agus Monday Million ina measc.



## *Internet and Mobile Telephone Games*

## *Cluichí Idirlín agus Teileafóin Póca*

Throughout 2008, the National Lottery continued to develop its platform for internet based games, with a view to offering these games to players at the earliest possible opportunity.

Our plan is to offer players an opportunity to play Lotto, Lotto Plus and EuroMillions via the internet. A specially adapted range of instant win games will also be available on-line.

The National Lottery plans to test market on-line and instant win games in the first quarter of 2009, with a view to rolling all games out to a wider player base during the year.

Le linn 2008, lean an Crannchur Náisiúnta air de bheith ag forbairt a ardán do chluichí, bunaithe ar an idirlíon, agus súil aige bheith in ann na cluichí seo a thairiscint d'imreoirí chomh luath agus a b'fhéidir.

Tá rún againn deis a chur ar fáil d'ár n-imreoirí Lotto, Lotto Plus agus EuroMillions a imirt tríd an idirlíon. Cuirfear raon tobchluichí, a bheidh curtha in oiriúint d'aon ghnó, ar fáil ar líne chomh maith.

Tá sé mar phlean ag an gCrannchur Náisiúnta cluichí ar líne agus tobchluichí a thástáil ar an margadh sa chéad ráithe de 2009 agus í mar aidhm againn na cluichí uile a rolladh amach do raon imreoirí níos leithne le linn na bliana.




The overall result at the end of 2008 was an increase in sales of 7.9% to a record €840.1 million; the consequent generation of €267.8 million for Good Causes and the return of €455 million in prizes to players.

I would like to pay tribute to everyone working in the National Lottery and our retail agents throughout the country for the critical role they played in the successful achievement of our ambitious objectives for 2008.

### Players

Over 2 million people now play National Lottery games on a regular basis. This figure has increased from 2.1 million to 2.3 million in the past year as more players are attracted to our range of innovative games. We now have six regular draw games, together with our Scratch Card portfolio, TellyBingo and Millionaire Raffle.

On average 81,500 people won National Lottery prizes every day of the year with over €8.7 million distributed in prize money each week. The total amount of prizes distributed in 2008 was up €34.1 million or 8.1% on the previous year.

Bhí sé mar thoradh iomlán ag deireadh 2008 go raibh méadú 7.9% ar dhíolachán go dtí uasfhigiúr nua de €840.1 milliún; gur tuilleadh €267.8 milliún do Dhea-Chúiseanna agus gur tugadh €455 milliún ar ais do na himreoirí mar dhuaiseanna.

Ba dheas liom gach duine atá ag obair sa Chrannchur Náisiúnta agus ár ngníomhairí miondíola ar fud na tíre a mholadh as a ról criticiúil i mbaint amach ár spriocanna uaillmhianacha do 2008.

### Imreoirí

Imríonn breis is dhá mhilliún imreoir cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta. Tháinig méadú ar an bhfigiúr sin ó 2.1 milliún go dtí 2.3 milliún le linn na bliana seo ghabh tharainn de réir mar a mheall ár raon de chluichí nuálaíocha imreoirí breise. Tá sé chluiche rialta crannchuir anois againn anuas ar ár bpunann Scríobchártaí, TellyBingo agus Millionaire Raffle.

Bhuaigh 81,500 duine ar an meán duaiseanna de chuid an Chrannchuir Náisiúnta gach lá den bhliain agus roinneadh amach os cionn €8.7 milliún mar airgead duaise gach seachtain. Bhí méadú 8.1% nó €34.1 milliún ar mhéad iomlán na nduaiseanna i 2008 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.




In 2008 the National Lottery launched the limited edition raffle game – Millionaire Raffle. Christina Buckley from Abbeydorney, Co Kerry became the first Millionaire Raffle millionaire in August. She collected her cheque for €1 million in National Lottery offices with husband Stephen and children Stephanie, Michelle, John and Kate.

I 2008 sheol an Crannchur Náisiúnta an cluiche crannchuir eagráin theoranta – Millionaire Raffle. B'í Christina Buckley ó Mhainistir Ó dTorna, Co. Chiarraí, an chéad mhilliúnaí de chuid Millionaire Raffle mí Lúnasa. Bhailigh sí a seic ar €1 milliún in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta in éineacht lena fear céile, Stephen, agus a páistí, Stephanie, Michelle, John agus Kate.



For the first time ever, the National Lottery Skyfest spectacular took place outside Dublin. This fantastic firework, lighting and musical display marked the national holiday at the historic Rock of Cashel in Co Tipperary.

Don chéad uair riamh eagraíodh seó mórthaibhseach an Chrannchuir Náisiúnta, Skyfest, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Ceiliúradh an fhéile náisiúnta ar Charraig Phádraig, Caiseal, Co. Thiobraid Árann, leis an taispeántas taibhsiúil seo thinte ealaíne, soilsiú agus ceoil.

## Lotto Games

Our core Lotto game continued to capture the imagination of our players during 2008 and again exhibited strong growth, achieving a record level of €381.4 million in sales, up 6.6% from €357.7 million in 2007. The associated Lotto Plus game also performed very well with an 8.8% increase in sales to €109 million. Together these core games account for 58% of total turnover and are the foundation of the National Lottery's success.

€198.3 million in Lotto prizes was won by our players in 2008. During the year there were 40 jackpots of over €5 million; 15 jackpots of over €10 million and four jackpots over €15million. In total 29 new Lotto millionaires were created.

## Cluichí Lotto

Lean ár lár-chluiche Lotto de bheith ag mealladh samhlaíocht ár n-imreoirí le linn 2008. Bhí fás láidir faoi agus bhain sé amach sár-leibhéal fáis sa díolachán – méadú 6.6% ó €357.7 milliún i 2007 go dtí €381.4 milliún. Bhí rath freisin ar an gcluiche gaolmhar, Lotto Plus, agus bhí ráta fáis 8.8% aige ar dhíolachán go dtí €109 milliún. I bhfochair a chéile, b'ionann an teacht isteach ar an dá lár-chluiche seo agus 58% den láimhdeachas iomlán, rud a fhágann gurb iad bunchloch an ratha atá ar an gCrannchur Náisiúnta.

Bhuaigh ár n-imreoirí duaiseanna Lotto dar luach €198.3 milliún i 2008. Le linn na bliana bhí 40 ollduais de bhreis is €5 milliún ann; 15 ollduais de bhreis is €10 milliún agus ceithre ollduais le breis is €15 milliún. Ina iomláine, rinneadh milliúnaí Lotto nua de 29 duine.

# Youth, Sport, Recreation, Amenities

### Ballyfermot Leisure Centre

Ballyfermot Leisure Centre provides sports development, recreation and leisure facilities to the Ballyfermot community and the surrounding areas. The centre's facilities include swimming pool, sauna, steam room, large gym and a full size sports hall for indoor sport, aerobics and spinning studios plus six Five-a-Side all-weather football pitches. It received €250,000 in National Lottery funding last year from the Department of Arts, Sport and Tourism bringing its total funding to €4 million.

# An Óige, Spórt, Caitheamh Aimsire, Áiseanna

### Ionad Fóillíochta Bhaile Formaid

Soláthraíonn Ionad Fóillíochta Bhaile Formaid áiseanna d'fhorbairt spóirt, caitheamh aimsire is fóillíochta do phobal Bhaile Formaid agus don dúiche máguaird. Ar na háiseanna atá ar fáil san Ionad tá linn snámha, sabhna, seomra gaile, giomnáisiam mór, agus halla spóirt lánmhéid do spóirt laistigh, aeróbaic, stiúideonna guairneála móide sé pháirc peile uile aimsire d'fhoirne cúigear an taobh. An bhliain seo caite fuair sé €250,000 d'airgead an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, arb ionann é agus €4 milliún ina iomláine.


€250,000
Ballyfermot
Bulls


€200,000



In September, George Hook and Teodora Sutra launched the National Lottery's 'George'll Fix It – Bring Dreams To Life' promotion on George Hook's Newstalk radio show. Sponsored by the National Lottery, George made lots of listeners' dreams come true. He paid a listener's mortgage for six months, sent a President Barack Obama fan to Washington and 'fixed it' for one listener to spend a day as a zookeeper in Dublin Zoo.

Mí Mheán Fómhair, sheol George Hook agus Teodora Sutra promóisean 'George'll Fix It – Bring Dreams to Life' ar shó raidió George Hook ar Newstalk. Agus é á urrú ag an gCrannchur Náisiúnta d'éirigh le George aislingí go leor daoine a fhíorú. Dhíol sé as morgáiste éisteora ar feadh sé mhí, sheol sé leantóir de chuid an Uachtaráin Barack Obama go Washinton agus 'shocraigh' sé go gcaithfeadh éisteoir amháin lá mar fheighlí sa zú ar feadh lae.

There were many memorable highlights in the Lotto game during the course of the year. In particular the win of the record €18,963,441 jackpot by the 16-strong Dan Morrissey Syndicate from Carlow in June was fantastic. This is the single biggest prize ever to be collected in the Lotto game since it began in 1988. Other large jackpots in 2008 included a win of €14,543,033 by a group from Co Kildare in March, followed by a win of €15,658,143 by a family from the Clondalkin area in April. Then in August we had another big win when Greg Smyth from Baltray, Co Louth won €9,426,636.

In total €119.6 million was won in Lotto jackpots during the year up from €112.9 million in 2007.

Throughout the year, the excitement of the Lotto jackpots was further enhanced with special promotions. An extra €1 million was added to the jackpot in mid January and again on 15 March to celebrate St Patrick's weekend. As part of our sponsorship of SkyFest 2008 the Lotto draw was broadcast live from Cashel on that night. For both Halloween and Christmas, all Lotto, Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2 prizes, excluding the jackpot, were doubled for a week.

Bhí iliomad buaicphointí, a mbeidh cuimhne orthu, i gcluiche Lotto le linn na bliana. Bhí bua na hollduaise de €18,963,441 ag Sindeacáit sé dhuine déag Dan Morrissey ó Cheatharlach mí an Mheithimh go diail ar fad. Tá sé seo ar an duais aonair is mó riamh a gnóthaíodh i gcluiche an Lotto ó tosaíodh é i 1988. I measc na n-ollduaiseanna móra eile a buadh i 2008 bhí €14,543,033 a bhain grúpa ó Cho. Chill Dara mí an Mhárta agus ag leanúint air sin, mí Aibreáin bhuaigh teaghlach ó Chluain Dolcáin €15,658,143. Ansin mí Lúnasa bhí bua mór eile againn nuair a bhain Greg Smyth ó Bhaile Trá, Co. Lú, €9,426,636.

Ina iomláine, buadh €119.6 milliún mar ollduaiseanna Lotto le linn na bliana. Méadú é seo ó €112.9 milliún i 2007.

Le linn na bliana, chuir promóisin speisialta leis an bhfloscadh a ghabh leis na hollduaiseanna Lotto. Cuireadh €1 milliún breise leis an ollduais i lár mhí Eanáir agus arís ar 15 Márta chun deireadh seachtaine na Féile Pádraig a cheiliúradh. Mar chuid dár n-urraíocht ar Skyfest 2008 craoladh an crannchur Lotto beo ó Chaiseal an oíche úd. D'Oíche Shamhna agus don Nollaig, dúblaíodh gach duais Lotto, Lotto Plus 1 agus Lotto Plus 2 ar feadh seachtaine.

# Health & Welfare

## Samaritans Ireland

Samaritans Ireland provide confidential, non-judgmental emotional support 24 hours a day for people who are experiencing feelings of distress or despair, including those which could lead to suicide. Over 1,400 volunteers in 12 branches across Ireland work together with the shared desire to help people experiencing emotional distress. In 2008, the Samaritans received €200,000 in National Lottery funds through the Department of Health allowing them to upgrade the 24 hour telephone helpline network. With over 230,000 calls in 2008, this funding ensures the system responds efficiently to peaks in demand on the vital 24 hour helpline system and makes the best use of volunteer time.

# Sláinte & Leas Sóisialta

## Na Samáraigh in Éirinn

Soláthraíonn na Samáraigh in Éirinn tacaíocht mothúchánach, neamhbhreithiúnach faoi dhiscréid 24 uair an chloig sa lá do dhaoine a bhfuil buairt nó éadóchas orthu, ina measc brúnna a fhéadfadh féinmharú a bheith mar thoradh orthu. Oibríonn os cionn 1,400 duine deonach i 12 craobh ar fud na tíre le chéile chun cuidiú le daoine a bhfuil duainéis mhothúchánach á fhulaingt acu. I 2008, fuair na Samáraigh €200,000 d'airgead an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Sláinte, rud a chuir ar a gcumas an líonra cabhrach teileafóin 24 uair an chloig a uasghrádú. Agus 230,000 glaoch faighte i 2008, cinntíonn an maoiniú seo go bhfreagraíonn an córas go héifeachtach ag buaic- amanna éilimh ar an gcóras líne chabhrach agus go mbaintear an leas is fearr as am na n-oibrithe deonacha.



## *Mooney meets players and retailers*

## *Castar Mooney ar imreoirí is ar mhiondíoltóirí*

Popular TV and radio host Derek Mooney made special summer visits to National Lottery agent stores and met lots of Lottery players. These visits took place in Healy's Centra Store, Drogheda, Co Louth; Headlines, Corrib Shopping Centre, Galway City; SuperValu, Midleton, Co Cork and Griffins, Londis Store, Westmoreland Street, Dublin 2.

Everyone who came to the 'Meet and Greet' mornings had the opportunity to take home complimentary branded National Lottery champagne glasses.

Derek Mooney is pictured here with the staff in Healy's Centra Store, Drogheda, Co Louth.

Thug Derek Mooney, an t-óstach raidió iomráiteach, cuairteanna speisialta Samhraidh ar shiopaí ghníomhairí an Chrannchuir Náisiúnta agus casadh mórán imreoirí Lotto air. B'iad Healy's Centra Store, Droichead Átha, Co. Lú; Headlines, Siopalann na Coiribe, Cathair na Gaillimhe; SuperValu, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí agus Griffins, Siopa Londis, Sráid an Fheistí, Baile Átha Cliath 2, na háiteanna a dtug sé cuairt orthu.

Thug gach duine a tháinig go dtí na maidineacha 'Meet and Greet' seo gloiní seaimpéin, agus branda an Chrannchuir Náisiúnta orthu, abhaile leo mar fhéirín.

Feictear Derek Mooney anseo le foireann Healy's Centra Store, Droichead Átha, Co. Lú.

To celebrate Valentine's Day, players who matched five numbers plus the bonus number in Lotto, Lotto Plus 1 or Lotto Plus 2 won diamonds worth €100,000 in addition to the normal prize. All during the month of May every one of the 32 players who matched five numbers plus the bonus number in Lotto, Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2 won a Porsche car to the value of €100,000.

On 30 August a prize of €200 was guaranteed for Match 4 or Match 4 and Bonus on Lotto, Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2. Almost 10,000 winners collected this enhanced prize.

These special draws and prizes add further to the excitement and fun of the game.

On **Lotto Plus 1** there were 26 winners of the top €350,000 prize, while a further 27 players won the top prize of €250,000 on Lotto Plus 2.

**Lotto 5-4-3-2-1** enjoyed a 2.9% increase in sales to €11.2 million. This game provides an important niche offering for those players who enjoy playing this exciting game. Players won a total of €7.4 million in prizes on Lotto 5-4-3-2-1, representing a 66% prize payout.

Chun Lá 'le Vailintín a cheiliúradh, fuair imreoirí a mheaitseáil cúig uimhir móide an uimhir bhónais i Lotto, Lotto Plus 1 nó Lotto Plus 2 diamaint, arbh fhiú €100,000 iad, anuas ar an ngnáth-dhuais. Le linn mhí na Bealtaine bhuaigh gach duine den 32 imreoir, a mheaitseáil cúig uimhir móide an uimhir bhónais i Lotto, Lotto Plus 1 agus Lotto Plus 2, gluaisteán Porsche, arbh fhiú €100,000 é.

Ar 30 Lúnasa gealladh duais dar luach €200 do Match 4 nó Match 4 agus Bónas i Lotto, Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2. Bhailigh beagnach 10,000 buaiteoir and duais mhéadaithe.

Cuireann na crannchuir is na duaiseanna speisialta le spraoi is le spleodar an chluiche.

I **Lotto Plus 1** bhí 26 buaiteoir den bharr-dhuais de €350,000, agus fuair 27 imreoir eile an bharr-duais de €250,000 i Lotto Plus 2.

Bhí méadú 2.9% go dtí €11.2 milliún ar dhíolachán **Lotto 5-4-3-2-1**. Soláthraíonn an cluiche seo deis thábhachtach nideoige dóibhsean a dtaitníonn an cluiche spreagúil seo leo. Bhuaigh imreoirí duaiseanna, arbh fhiú €7.4 milliún ina n- iomláine iad, i Lotto 5-4-3-2-1. Íocaíocht amach duaise de 66% ata anseo.

In September the National Lottery launched its brand new draw game Monday Million. Players who choose six numbers from 1 to 39 have a chance to win €1,000,000 every Monday evening. Eileen Farrelly from Ballybay was the first Monday Million millionaire, taking a cheque for €1,000,000 back to Monaghan in October 2008.

Mí Mheán Fómhair, sheol an Crannchur Náisiúnta a chluiche úrnua crannchuir, Monday Million. Bíonn seans ag imreoirí, a roghnaíonn sé uimhir ó 1 go 39, €1,000,000 a bhuachan gach tráthnóna Luain. Feictear anseo Eileen Farrelly ó Bhéal Átha Beithe, an chéad mhilliúnaí i Monday Million, ag tógáil a seic ar €1,000,000 abhaile léi go Muineachán mí Dheireadh Fómhair 2008.




## EuroMillions

Overall sales of EuroMillions games were up 5.2% from €135.2 million in 2007 to €142.1 million. Sales in the core **EuroMillions** game were €109 million, despite the lack of significant jackpot rollovers, a decrease of €9.8 million from the previous year. However, this was more than compensated for by a doubling in **EuroMillions Plus** sales which were up to €33.1 million from €16.4 million previously. This game was launched in mid 2007 and is rapidly gaining popularity with players as it gives them an opportunity to win up to €500,000 each week.

Ireland's biggest EuroMillions win during the year was a €15 million jackpot sold at The Abbey Stores, Carrickbeg, Carrick-on-Suir on 4 July. We were delighted to have such a large Irish winner during the year. However, Limerick woman Dolores McNamara remains Europe's biggest ever lottery winner after her €115 million EuroMillions win in 2005.

There was also a lucky €1,084,415 winner of the Match 5 plus 1 Lucky Star from Kerry in October, while 15 Irish players correctly matched five numbers to win the top EuroMillions Plus prize of €500,000 each during the year.

We participated in €130 million EuroMillions Super draws on 8 February and 26 September. There were also EuroMillions Plus Extra draws with top prizes of €500,000 each added on Friday 29 February and Friday 20 June. Then on 31 October, there was a EuroMillions Plus Extra draw with a top prize guaranteed of €1 million.

Overall €72.4 million was won by Irish players in prizes on EuroMillions games during 2008, and more than €45 million was raised for Good Causes in Ireland thanks to players participating in this game.

## EuroMillions

Bhí méadú 5.2% ar dhíolachán iomlán chluichí EuroMillions ó €135.2 milliún i 2007 go dtí €142.1 milliún. Bhí díolachán de €109 milliún i lár-chluiche **EuroMillions**, laghdú de €9.8 milliún ar an mbliain roimhe sin, in ainneoin easpa allduaiseanna tar-rollta suntasacha. Bhí breis agus cúiteamh air seo, áfach, i ndúbláil an díolacháin ar **EuroMillions Plus** ó €16.4 milliún go dtí €33.1 milliún. Seoladh an cluiche seo i lár 2007 agus tá an tóir air ag dul i méid i measc imreoirí mar tugann sé deis dóibh €500,000 a bhuachan gach seachtain.

B'ollduais de €15 milliún an bua Éireannach ba mhó le linn na bliana agus díoladh an ticéad san Abbey Stores, An Charraig Bheag, Carraig na Siúire, ar 4 Iúil. Bhí ríméad orainn bua Éireannach chomh mór sin a bheith againn le linn na bliana. In ainneoin sin, leanann bean Luiminigh, Dolores McNamara, uirthi de bheith ar an mbuaiteoir Eorpach is mó riamh ó bhain sí a duais de €115 milliún i 2005.

Bhí an t-ádh le buaiteoir Match 5 plus 1 Lucky Star ó Chiarraí a bhuaigh €1,084,415 mí Dheireadh Fómhair agus bhí 15 imreoir Éireannach a mheaitseáil cúig uimhir chun barrdhuais EuroMillions Plus de €500,000 an duine a bhuachan le linn na bliana.

Ghlacamar páirt i gcrannchuir EuroMillions Super le duaischiste de €130 milliún ar 8 Feabhra agus 26 Meán Fómhair. Bhí crannchuir de EuroMillions Plus Extra, le barrdhuaiseanna de €500,000 an ceann curtha leo Dé hAoine 29 Feabhra agus Dé hAoine 20 Meitheamh. Ansin ar 31 Deireadh Fómhair bhí crannchur EuroMillions Plus Extra ann le barrdhuais ráthaithe de €1 milliún.

Ina iomláine bhuaigh imreoirí Éireannacha duaiseanna dar luach €72.4 milliún i gcluichí EuroMillions le linn 2008, agus tuilleadh breis is €45 milliún do Dhea-Chúiseanna i ngeall ar rannpháirtíocht imreoirí sa chluiche.



For only the second time ever, the Lotto draw took place outside Dublin when Shane O'Donoghue presented the draw live in Cashel, Co Tipperary on Saturday 15 March 2008 to coincide with Skyfest, the National Lottery's sponsorship. To add to the festivities for the St. Patrick's weekend, an extra €1,000,000 was added to the Lotto jackpot.

Don dara uair riamh, bhí crannchur an Lotto taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Chraol Shane O'Donoghue an crannchur beo ó Chaiseal, Co. Thiobraid Árann, Dé Sathairn, 15 Márta 2008 mar chuid de Skyfest a bhí á urrú ag an gCrannchur Náisiúnta. Chun cur le ceiliúradh dheireadh seachtaine na Féile Pádraig, cuireadh €1,000,000 leis an ollduais Lotto.

## TellyBingo

Sales of TellyBingo increased to €13.9 million in 2008, up over 1% on the previous year as this TV bingo game continues to prove popular with a loyal group of players. The game has now settled into regular Tuesday and Friday lunchtime slots on RTE television and has a committed following.

The prize payout was an attractive 71%, with a total of €9.9 million paid out to players. There were a total of 20 snowball winners, with the biggest snowball winner of €65,000 sold in Dublin in June.

## Scratch Cards

The growth of our Scratch Card business continued in 2008 with a 5.8% increase in sales, up to €170.2 million from €160.9 million in 2007. This €9.3 million increase was achieved as a result of the continued development of our popular game portfolio. During the year we launched 24 new games and had, on average, 12 different games ranging in price from €1 to €10 on offer for players at any one time. We also promoted the use of our Scratch Cards as gifts for special occasions such as birthdays and Christmas, while themed games such as Lucky Dog and Indiana Jones were very popular.

## TellyBingo

Bhí méadú os cionn 1% ar dhíolachán TellyBingo go €13.9 milliún ar fhigiúr na bliana roimhe agus choinnigh an cluiche bingo teilifíse seo an mealladh atá aige do dhream dílis imreoirí. Craoltar an cluiche seo go rialta anois i sliotáin ar theilifís RTÉ am lóin Dé Máirt agus Dé hAoine agus bíonn lucht féachana tiomanta aige.

Ráta mealltach 71% d'íocaíocht amach duaise a bhí ann, rud a thug iomlán de €9.9 milliún d'imreoirí. Bhí iomlán de 20 buaiteoir snowball ann agus díoladh an ticéad, a ghnóthaigh €65,000, leis an mbuaiteoir snowball ba mhó i mBaile Átha Cliath mí an Mheithimh.

## Scríobchártaí

Lean ár ngnó Scríobchártaí de bheith ag fás le linn 2008. Bhí méadú 5.8% ar dhíolachán – ardú ó €160.9 milliún i 2007 go dtí €170.2 milliún. Baineadh an t- ardú seo de €9.3 milliún trí fhorbairt leanúnach ar ár bpunann de chluichí móréilimh. Sheolamar 24 cluiche nua le linn na bliana agus ar an meán bhí 12 cluiche difriúil, agus praghsanna ó €1 go €10 an ceann orthu, á thairiscint againn d'imreoirí ag aon am ar leith. Chuireamar ar aghaidh úsáid ár Scríobchártaí mar fhéiríní d'ócáidí speisialta dála breithlaethanta agus an Nollaig, agus bhí an-tóir freisin ar chluichí le téama ar leith, dála Lucky Dog agus Indiana Jones.

# Irish Language

## Logainm.ie

The Placenames Database of Ireland (www.logainm.ie), developed by Fiontar (DCU), contains almost 100,000 placenames in English and almost 70,000 in Irish. The site is widely used by journalists, translators, students and teachers and by people at home and abroad who appreciate the rich heritage of Irish placenames. Many of the placenames are accompanied by scanned archival records. The site also contains a facility to translate lists of placenames to and from Irish. More developments are planned, including a mapping system and educational resources. Visitors to the site can listen to the pronunciation of placenames in a local accent in some of the counties.

Last year, Logainm received over €240,000 in National Lottery funds through the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.

# An Ghaeilge

## Logainm.ie

Tá nach mór 100,000 logainm i mBéarla agus 70,000 i nGaeilge ar Bhunachar Logainmneacha na hÉireann (www.logainm.ie) a d'fhorbair Fiontar (DCU). Baineann iriseoirí, aistritheoirí, mic léinn agus múinteoirí agus daoine sa bhaile agus i gcéin, ar mór leo oidhreacht shaibhir logainmneacha Éireannacha, úsáid leathan as an suíomh. Bíonn taifid chartlainne scanta ag dul le go leor de na logainmneacha. Tá áis ar an suíomh chomh maith a ligeann do dhuine liostaí logainmneacha a aistriú ón nGaeilge agus go dtí an Ghaeilge. Tá forbairtí eile á bpleanáil, ina measc córas léarscáilíochta agus acmhainní oideachais. Tig le cuairteoirí ar an suíomh éisteacht le foghraíocht logainmneacha leis an tuin ghutha áitiúil i gcás cuid de na contaetha.

Anuraidh fuair Logainm breis is €240,000 d'airgead an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.


€240,593
Bunachar Logainmneacha na hÉireann
Placenames Database of Ireland
Fáilte


€235,000
O'BRIEN
GREAT
PIG




In 2008, after 21 years in business, the National Lottery changed the way it looked. Following a comprehensive rebrand programme, the National Lottery star became a fixture in National Lottery agent stores country wide. Anne McGinn, National Lottery and Seamus Griffin, a National Lottery agent, discuss the new brand point of sale in his store on Westmoreland Street, Dublin 2.

I 2008, tar éis dó bheith 21 bliana i mbun gnó, d'athraigh an Crannchur Náisiúnta a dhreach poiblí. Mar thoradh ar chlár cuimsitheach athbhrandála, rinneadh daingneán de réalta an Chrannchuir Náisiúnta i siopaí ghníomhairí an Chrannchuir Náisiúnta ar fud na tíre. Pléann Ann McGinn, An Crannchur Náisiúnta, agus Seamus Griffin, gníomhaire de chuid an Chrannchuir Náisiúnta, an branda nua díolacháin ina shiopa ar Shráid an Fheistí, Baile Átha Cliath 2.

Scratch Cards account for 20% of our total business. At 63% of sales, or €107.9 million, the high prize payout on these games is appealing.

The TV Gameshows associated with our '3 star' draw entry Scratch Cards were again very popular with players during 2008. As well as offering hundreds of fabulous cash prizes, the **Big Money** summer game presented by Laura Woods on RTE television offered 39 players and their guests the chance of a lifetime with a trip to Los Angeles and Las Vegas.

In the autumn **Winning Streak Dream Ticket**, an exciting new format for our popular Scratch Card and TV Gameshow, hosted by Kathryn Thomas and Aidan Power was launched. With an average of over €200,000 per week being won on the show, this remains the richest Gameshow in Europe. Winning Streak has given huge prizes and great entertainment to players and television audiences since it began in 1990. A total of over €107 million has been won by players in cash, cars and holidays to date.

Is ionann Scríóbchártaí agus 20% d'ár ngnó ar fad. Agus ráta 63% d'íocaíocht amach duaise orthu, nó €107.9 milliún, bíonn na cluichí seo mealltach.

Bhí an-tóir arís i measc imreoirí le linn 2008 ar na Seóchluichí teilifíse a bhaineann lenár Scríobchártaí '3 star'. Anuas ar na céadta sár-dhuaiseanna a thairiscint, chuir ár gcluiche samhraidh, **Big Money**, a chuir Laura Woods i láthair ar theilifís RTÉ, deis a saolré ar fáil do 39 imreoir and a n-aíonna turas chuig Los Angeles and Las Vagas a bhuachan.

San fhómhar seoladh **Winning Streak Dream Ticket**, an leagan amach nua ar ár Seóchluiche Scríobchártaí agus Teilifíse, agus é curtha i láthair ag Kathryn Thomas agus Aidan Power. Agus meán de €200,000 in aghaidh na seachtaine á bhuachan, tá sé seo i gcónaí ar an Seóchluiche is mó airgid san Eoraip. Tá Winning Streak tar éis duaiseanna ollmhóra agus an-chaitheamh aimsire a sholáthar d'imreoirí agus don lucht féachana araon ó thosaigh sé i 1990. Tá iomlán de os cionn €107 milliún buaite go nuige seo ag imreoirí i bhfoirm airgid, carranna agus saoire.

## Arts, Culture & National Heritage

### Children's Books Ireland

Children's Books Ireland is the national children's book organisation. It is involved in many activities which aim to engage young people with books and create a greater understanding of the importance of books while funding and supporting those with an interest in books for children. Children's Books Ireland is dedicated to ensuring that books are at the centre of young people's lives through resourcing and supporting those who bring children and books together. Last year, Children's Books Ireland received funding of €235,000 from the Arts Council which is part-funded by the National Lottery Beneficiary Fund.

## Na hEalaíona, Cultúr agus Oidhreacht Náisiúnta

### Leabháir Pháistí Éireann

Is é Leabháir Pháistí Éireann an eagraíocht náisiúnta do leabhair pháistí. Tá sé bainteach le go leor imeachtaí a mheallann daoine óga chun bheith ag plé le leabhair agus tuiscint níos fearr a fháil ar thábhacht leabhar an fhaid is thugann sé maoiniú agus tacaíocht dóibhsean a bhfuil spéis acu i leabhair do pháistí. Tá Leabháir Pháistí Éireann tiomanta do leabhair a bheith lárnach i saol dhaoine óga trí mhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt dóibhsean a thógann páistí agus leabhair le chéile. Anuraidh, fuair Leabháir Pháistí Éireann maoiniú de €235,000 ón gComhairle Ealaíon atá páirt-mhaoinithe ó Chiste Thairbhithe an Chrannchuir Náisiúnta.



Former Miss World and dog lover Rosanna Davison helped to launch the Lucky Dogs Scratch Card in March 2008. Thousands of dog owners from across Ireland hoped their dog would appear on the limited edition Scratch Card. Ten 'lucky dogs' were selected for their 15 minutes of fame.

Thug Rosanna Davison, iar-Miss World agus bean óg a thugann taitneamh do mhadraí, lámh chúnta chun Scríobchárta Lucky Dogs a sheoladh mí an Mhárta 2008. Bhí na mílte úinéirí madraí ar fud na tíre ag súil go dtaispeánfaí a madra ar an Scríobchárta seo ar eagrán teoranta é. Bhí an t-ádh le deich madra a roghnaíodh agus a raibh 15 nóiméad mórchlú acu.

During the 2008 season 185 players won €9,005,050 in total on the Winning Streak TV Gameshow, with the biggest win going to Helena Freyne from Ballyhaunis, Co Mayo on 12 April when she won €114,500 on the show.

On the Big Money Game winnings of €3,038,250 were shared among 65 players and the biggest winner here was Antaine O'Fearghail from Co. Tyrone who won €285,250 on 16 August.

Holidays and cars continued as popular additional prizes throughout the year, with a total of 83 cars and 113 holidays to the value of €2.1 million won by players on the TV shows.

## New Game Launches

The launch of two brand new games added to the excitement of the year. In late May we launched the first ever National Lottery **Millionaire Raffle**. This draw was limited to 300,000 tickets at €20 each and had two guaranteed top prizes of €1 million each, together with a further 530 prizes at €100,000; €10,000; €5,000; €1,000 and €500 levels. We were the first lottery in Europe to launch this type of game and its popularity was such that all tickets were sold out three weeks before the closing date. The results of the draw were announced by Derek Mooney on RTE One TV as part of the Rose of Tralee festivities and two new millionaires were created – Christina Buckley from Abbeydorney, Co Kerry and a winner from Clonmel, Co Tipperary who chose to remain anonymous.

The second Millionaire Raffle was launched for the Christmas season. Again it proved hugely popular with all 300,000 tickets selling out by Christmas Eve, a week in advance of the closing date. The draw took place in the early hours of New Year's Day, 2009 and created two new millionaires and hundreds of other prize winners.

Le linn 2008 bhuaigh 185 imreoir €9,005,050 ina iomláine ar an Seóchluiche Teilifíse Winning Streak. Ba ag Helena Freyne ó Bhéal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, a bhí an bua ba mhó nuair a rug sí €114,500 léi ar an seó ar 12 Aibreán.

Ar an Big Money Game roinneadh duaiseanna dar luach €3,038,250 ar 65 imreoir agus b'é Antaine Ó Fearghail ó Cho. Thír Eoghain ba mhó a ghnóthaigh nuair a rug sé €285,250 leis ar 16 Lúnasa.

B'iad laethanta saoire agus carranna na duaiseanna breise ba mhó éilimh le linn na bliana. Bhuaigh imreoirí ar na seónna teilifíse iomlán de 83 gluaisteán agus 113 saoire dar luach €2.1 milliún.

## Seoltaí Chluichí Nua

Chuir seoladh dhá chluiche úrnua le spleodar na bliana. Déanach i mí na Bealtaine sheolamar an chéad **Millionaire Raffle** de chuid an Chrannchuir Náisiúnta. Bhí teorainn 300,000 le líon na dticéad ar €20 an ceann agus bhí dhá dhuais ráthaithe de €1 milliún an ceann ann móide 530 duais bhreise ar €100,000; €10,000; €5,000; €1,000 agus €500. Bhíomar ar an gcéad chrannchur san Eoraip chun an cineál seo cluiche a sheoladh agus bhí tóir chomh mór sin air gur díoladh na ticéid uile trí sheachtain roimh dháta a dhúnta. Fógraíodh torthaí an chrannchuir ar theilifís RTÉ a hAon mar chuid d'fhéile Rós Thrá Lí. Rinneadh beirt mhilliúnaí nua – Christina Buckley ó Mhainistir Ó dTorna, Co. Chiarraí, agus buaiteoir ó Chluain Meala, Co. Thiobraid Árann, arbh fhearr leis fanacht anaithnid.

Seoladh an dara Millionaire Raffle aimsir na Nollag. Arís eile, bhí an-tóir air agus bhí na ticéid go léir díolta Oíche Nollag, seachtain roimh dháta a dhúnta. Bhí an crannchur ann go moch ar Lá Caille 2009, rinneadh beirt eile mhilliúnaí agus bhí na céadta buaiteoir eile ann.

The second new game launched in 2008 was **Monday Million**. Designed to banish the Monday blues and add some fun to Monday evenings, the format is similar to the Lotto game and gives players the chance to win €1 million for only €1. The draw takes place on Monday evenings live on TV3. Launched in late September, Monday Million generated sales of €6.2 million to the end of the year. Players received €3.4 million in prizes, a 55% prize payout, and there were two winners of the top €1 million prize. The first was Eileen Farrelly from Ballybay Co Monaghan who won on the very first night of the draw and the second Monday Million winner was a family from Kerry who bought their ticket in Guerins Superstores, Listowel, Co Kerry over Christmas.

## Operations

I am pleased to report that our operating costs and administrative costs as a percentage of sales continue to decrease. Our total operating costs were €117.3 million or 14% of sales, down from 14.4% in 2007. The main component of this figure is those costs of €94.4 million which directly relate to sales, including agents' commission and bonuses of €52.3 million up 8% from €48.4 million in 2007. Our administrative costs for the year of €19.8 million accounted for 2.4% of sales.

The single biggest operations initiative undertaken during 2008 was the major revitalisation of the National Lottery brand and the introduction of a new, fresh corporate identity across all aspects of the National Lottery including games, retail stores, communications, on our website and on our TV Gameshows.

This followed a review of the National Lottery's corporate identity undertaken as part of a strategic review of the business. After 21 years of successfully raising funds for Good Causes, we wanted to ensure that our image reflects a contemporary and dynamic National Lottery.

As part of the re-branding process, the National Lottery has adopted a master brand strategy, aligning all of its brands together under an overall brand architecture facilitating greater value for marketing spend and ensuring improved standout in the retail stores. As part of the rebranding, we introduced more environmentally friendly signage and point of sale materials throughout our retail agent network.

B'é **Monday Million** an dara cluiche nua a seoladh i 2008. Ceapadh an cluiche chun an ruaig a chur ar ghormacha an Luain agus ábhairín spraoi a chur le tráthnónta Luain. Tá an formáid chéanna leis is atá ag an gcluiche Lotto agus tugann sé séis d'imreoirí €1 milliún a bhuachan ar €1. Déantar an tarraingt beo tráthnóna Luain ar TV3. Seoladh é déanach mí Mheán Fómhair agus faoi dheireadh na bliana bhí Monday Million tar éis €6.2 milliún a thuilleamh. Fuair na himreoirí €3.4 milliún mar dhuaiseanna, íocaíocht amach duaise de 55%, agus bhain beirt an bharr-dhuais de €1 milliún. B'í Eileen Farrelly ó Bhéal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin, a bhain an chéad mhilliún an tráthnóna a tosaíodh an clár agus ba theaghlach ó Chiarraí a cheannaigh a dticéad i Guerins Superstores, Lios Tuathail, Co. Chiarraí, aimsir na Nollag an dara buaiteoir.

## Oibríochtaí

Is áthas liom a thuairisciú go bhfuil ár gcostais oibríochta agus ár gcostais riaracháin, mar chéatadán den díolachán, ag titim i gcónaí. B'ionann ár gcostais oibríochta agus €117.3 milliún nó 14% den díolachán ar laghdú é ó 14.4% i 2007. Is í príomh-mhír an fhigiúir seo de €94.4 milliún ná na costais úd a bhaineann go díreach le díolachán, ar a n-áirítear coimisiún agus bónais do ghníomhairí ar fiú €52.3 milliún iad – méadú 8% ar an €48.4 milliún a bhí ann i 2007. €19.8 milliún a bhí ar ár gcostais riaracháin don bhliain nó 2.4% den díolachán.

B'é an tionscnamh oibríochta ba mhó ar scaoileadh faoi le linn na bliana ná athbheochan bhranda an Chrannchuir Náisiúnta trí chomhionannas úrnua corparáideach a thabhairt isteach i ngach gné den Chrannchur Náisiúnta – cluichí, siopaí miondíola agus cumarsáid ar ár suíomh gréasáin agus ar ár Seóchluichí teilifíse san áireamh.

Lean sé seo mar thoradh ar athbhreithniú ar chomhionannas corparáideach an Chrannchuir Náisiúnta ar tugadh faoi mar chuid d'athbhreithniú straitéiseach ar an ngnó. Tar éis 21 bliain a chaitheamh ag gnóthú cistí do Dhea-Chúiseanna theastaigh uainn a chinntiú go raibh ár n- íomhá ag teacht le Crannchur Náisiúnta a bhí comhaimseartha agus fuinniúil.

Mar chuid den phróiseas athbhrandála, tá glactha ag an gCrannchur Náisiúnta le straitéis mháistir-bhranda, a thugann le chéile a chuid brandaí uile faoi struchtúr brandála, a chinntíonn luach níos fearr ar chaiteachas margaíochta agus seasamh amach i siopaí miondíola. Mar chuid den athbhrandáil, thugamar isteach comharthaíocht agus ábhair díolacháin níos neamhdhíobháilí don timpeallacht tríd ár líonra de ghníomhairí miondíola.



Big Money Game US trip winners Kenneth Bowers, John Brett and Ray Malone from Waterford enjoyed a glass of champagne on Venice Beach, California with presenter Laura Woods. All three men are double National Lottery winners. Before winning the trip to the US, they had all previously won great cash prizes on National Lottery TV Gameshows.

Baineann buaiteoirí an Big Money Game a ghnóthaigh turas ar SAM, Kenneth Bowers, John Brett agus Ray Malone ó Phort Láirge, sult as gloine seaimpéin ar Venice Beach, California, i dteannta an láithreora, Laura Woods. Buaiteoirí faoi dhó de chuid an Chrannchuir Náisiúnta iad an triúr fear seo. Sular bhuaigh siad an turas ar SAM, bhíodar triúr tar éis duaiseanna iontacha airgid a bhuachan ar Sheóchluichí Teilifíse an Chrannchuir Náisiúnta.

## *Staff Teamwork Day*

## *Lá Obair Bhuíne Foirne*



National Lottery staff participated in a Staff Teamwork Day in 2008. Chief Executive Dermot Griffin, in group setting, outlined the National Lottery's 'Mission, Vision and Values.' The National Lottery's current mission focuses on operating a world-class lottery for the people of Ireland while raising funds for Good Causes on behalf of the Government. Its values include integrity, teamwork and innovation.

Clockwise from top: Norah Nolan, Finance; Declan Nolan, IT and Eamon Daly, Finance; Denise Freeman, Sales; Geraldine Allen, Finance

Ghlac foireann an Chrannchuir Náisiúnta páirt i Lá Obair Bhuíne Foirne i 2008. Léirigh an Príomhfheidhmeannach, Dermot Griffin, 'Misean, Fís agus Luachanna' an Chrannchuir Náisiúnta don fhoireann mar ghrúpa. Díríonn misean reatha an Chrannchuir Náisiúnta ar crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann agus cistí a ghnóthú do Dhea-Chúiseanna, thar ceann an Rialtais. Ar a chuid luachanna tá ionracas, obair bhuíne agus nuálaíocht.

Ar deiseal ón mbarr: Norah Nolan, Airgeadas; Declan Nolan, TF, agus Eamon Daly, Airgeadas; Denise Freeman, Díolachán; Geraldine Allen, Airgeadas.

This major revitalisation of the brand is designed to improve the National Lottery's profile, efficiency and impact at all levels. We are confident that it will strengthen our ability to grow and help raise even more funds for Good Causes in the coming years.

We continued the expansion of our retail network with the addition of 52 new agents. This brings our total network of National Lottery agents to 3,675. During the year we installed a further 216 ticket checkers and will have these machines in over 2,000 outlets by the end of 2009 for the convenience of our players in checking their tickets.

In 2008 we handled more than 272 million individual transactions, an increase of 10% on the previous year, largely within our existing systems. Our staff numbers increased by nine in 2008 reflecting our commitment to growing our business, in particular developing the capability to provide internet based games. Our teams managed more than 500 separate lottery draws, all conducted under independent external supervision by KPMG, to our exacting standards to guarantee fairness and integrity.

In the year under review we continued to develop our corporate social responsibility initiatives. Under our Responsible Gaming Policy the slogan "***Play Responsibly. Play for Fun***" has now been included on all Scratch Cards and will be extended to draw game tickets, play slips, advertising and communications.

Ceapadh an mhór-athbheochan seo ar an mbranda chun cuidiú leis an gCrannchur Náisiúnta a phróifíl, a éifeachtacht agus a thionchar a fheabhsú ar gach leibhéal. Táimid dóchasach go neartóidh sé ár gcumas fáis agus go gcabhróidh sé le breis airgid fós a ghnóthú do Dhea-Chúiseanna sna blianta atá romhainn amach.

Leanamar de bheith ag cur lenár líonra miondíola trí 52 gníomhaire nua a cheapadh. Fágann sé seo bhfuil 3,675 gníomhaire ina iomláine i líonra an Chrannchuir Náisiúnta. Le linn na bliana chuireamar i bhfearas 216 meaisín nua seiceála. Beidh na meaisíní seo i mbreis is 2,000 asraon faoi dheireadh na bliana mar áis dár n-imreoirí chun a gcuid ticéad a sheiceáil.

I 2008 láimhseálamar breis is 272 milliún idirbheart aonair, ar méadú 10% iad ar an mbliain roimhe, agus an chuid is mó díobh taobh istigh de na córais ata againn. Chuireamar naonúr leis an bhfoireann i 2008, rud a léiríonn ár dtiomantas do bheith ag forbairt an ghnó, agus sinn ach go háirithe ag cur lenár gcumas chun cluichí, bunaithe ar an idirlíon, a chur ar fáil. Láimhseáil ár bhfoireann breis is 500 crannchur ar leith agus iad uile reáchtáilte faoi mhaoirseacht sheachtach KPMG, agus iad ag teacht lenár gcaighdeáin éilitheacha a chinntíonn cothroime agus ionracas.

Le linn na bliana faoi scrúdú leanamar dár dtionscnaimh chun freagracht shóisialta chorparáideach a fhorbairt. Faoinár bPolasaí Cluichíochta Freagrach cuirtear an manna "***Imir go Freagrach. Imir chun Spóirt***" ar ár Scríobchártaí uile agus cuirfear é amach anseo ar thicéid chluichí, ar dhuillíní íocaíochta, ar fhógraíocht agus i gcumarsáid.

## Sponsorship

In March we co-operated with the St. Patrick's Festival organisers to present National Lottery Skyfest at the Rock of Cashel, Co. Tipperary. This spectacular fireworks, lighting and musical extravaganza attracted crowds of 40,000 and brought this historic site to life to celebrate Ireland's national holiday. The show was broadcast live on RTE TV allowing hundreds of thousands of viewers to share in the celebration.

We were also delighted to sponsor a special Celebrity Winning Streak Dream Ticket Gameshow on New Year's Eve. This TV Gameshow featured well known personalities Keith Duffy, Rosanna Davison, Bernard Dunne, Brian O'Driscoll and Caroline Morahan who volunteered to participate and won a total of €203,800 in funding for their chosen charities.

## Good Causes

2008 marked a special record in terms of the level of funds raised for Good Causes. Our mission is to raise funds for Good Causes on behalf of the Government and we are delighted to have passed the cumulative €3 billion milestone in the past year.

32% of every Euro spent on National Lottery games goes to Good Causes and in the year under review, we generated €267.8 million for projects all over Ireland, projects which strengthen local communities and improve the quality of life for people in many sections of our society.

Over 21 years, the availability of National Lottery funding has supported active citizenship throughout the country and has been a catalyst for many initiatives at community level.

We are conscious that behind each of the individual projects there are people that bring them to life. These are the individuals who work to secure National Lottery funding and motivate others to apply it for the benefit of the community and we would like to thank them for their efforts.

Throughout this report you will see some examples of the type of Good Causes that have recently benefited from National Lottery funding.

## The Future

Our objective as we face the future is to continue to provide our players with a broad range of exciting and varied games. This will be achieved both through the promotion of existing games and the development of new games. In this regard, I am happy to report that we commenced a pilot for National Lottery internet based games early in 2009 and plan to make these games more widely available in the coming months.

Our success in developing and promoting games will ensure that we achieve our aim of raising further funds for Good Causes.

## Urraíocht

Mí an Mhárta chomhoibríomar le lucht eagraithe na Féile Pádraig chun Skyfest a chur i láthair ar Charraig Phádraig ag Caiseal, Co. Thiobraid Árann. Mheall an seó mór, taibhsiúil seo de thinte ealaíne, shoilsiú is cheol slua de 40,000 duine go dtí an láthair stairiúil seo chun an fhéile náisiúnta a cheiliúradh. Craoladh an seó beo ar theilifís RTÉ, rud a chuir ar chumas na céadta míle duine páirt a ghlacadh sa cheiliúradh.

Bhí áthas orainn pátrúnacht a dhéanamh ar Sheóchluiche speisialta 'Celebrity Winning Streak' oíche na Seanbhliana. Ar na daoine iomráiteacha a thoiligh páirt a ghlacadh sa sheóchluiche bhí Keith Duffy, Rosanna Davison, Bernard Dunne, Brian O'Driscoll agus Caroline Morahan agus ghnóthaigh siad €203,800 dá rogha cumann carthanachta.

## Dea-Chúiseanna

Baineadh amach barr-leibhéal nua cistíochta do Dea-Chúiseanna i 2008. Tá mar mhisean againn airgead a ghnóthú do Dhea-Chúiseanna thar ceann an Rialtais agus tá ríméad orainn gur sháraíomar an sprioc de €3 billiún carnach sa bhliain atá thart.

Caitear 32% de gach Euro a fhaigheann an Crannchur Náisiúnta ar Dhea-Chúiseanna agus sa bhliain atá faoi chaibidil ghineamar €267.8 milliún do thionscadail ar fud na hÉireann – tionscadail a neartaíonn pobail áitiúla agus a fheabhsaíonn an caighdeán beatha do dhaoine in an-chuid réimsí d'ár sochaí.

Le 21 bliain anuas tá cistíocht ón gCrannchur Náisiúnta tar éis tacú le saoránacht ghníomhach ar fud na tíre agus ba chatalaíoch í i gcás mórán tionscnamh ar leibhéal an phobail.

Is maith a thuigimid go mbíonn daoine i mbun na dtionscadal seo a thugann chun beatha iad. Seo iad na daoine a oibríonn chun maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta a thuilleamh agus a spreagann daoine eile chun cur isteach air. Ba dheas linn ár mbuíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachtaí.

Tá roinnt samplaí de na cineálacha Dea-Chúise a bhain leas as cistíocht ón gCrannchur Náisiúnta le feiceáil tríd an tuarascáil seo.

## An Todhchaí

Tá mar aidhm againn agus ár n-aghaidh romhainn, leanúint de bheith ag soláthar raon leathan de chluichí éagsúla agus spreagúla dár n-imreoirí. Bainfear é seo amach trí chluichí atá cheana féin ann a chur chun cinn agus trí chluichí nua a fhorbairt. Sa chomhthéacs seo is áthas liom a thuairisciú go bhfuil triailscéim do chluichí idirlín de chuid an Chrannchuir Náisiúnta tosaithe againn agus go bhfuil rún againn na cluichí sin a chur ar fáil ar bhonn níos leithne sna míonna atá romhainn amach.

Cinnteoidh an rath atá orainn agus ár gcluichí á bhforbairt is á gcur chun cinn againn go n- éireoidh linn mar aidhm breis airgid fós a thuilleamh do Dhea-Chúiseanna.

**Dermot Griffin**
Chief Executive, 17 February 2009
Príomhfheidhmeannach, 17 Feabhra 2009

# Board of Directors

# An Bord Stiúrtha



**Donal Connell,** C.Eng., F.I.E.I., B.E.

| | |
|---|---|
| *Chairman – 2* | *Cathaoirleach – 2* |
| *Age 55* | *Aois 55* |
| *Appointed on 6 November 2008; second term* | *Ceaptha ar 6 Samhain 2008; don dara téarma* |

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board and of Postbank Ireland Limited.

Príomhfheidhmeannach An Phoist é Mr. Connell agus ceapadh sa phost sin é mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaol oibre sa Roinn Poist is Teileagraf agus bhí ceapúchain ar ard-leibhéal bainistíochta aige i Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland mar a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh se isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é in An Post agus stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin ar Bhord Eorpach Xlinx Corporation agus Postbank Ireland Limited.



**Dermot Griffin,** B.Comm., F.C.C.A.

| | |
|---|---|
| *Chief Executive* | *Príomhfheidhmeannach* |
| *Age 46* | *Aois 46* |
| *Appointed 6 November 2006; second term* | *Ceaptha ar 6 Samhain 2006; don dara téarma* |

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game.

Tháinig Mr. Griffin isteach i gCrannchur Náisiúnta An Phoist mí an Mheithimh 2005 mar Phríomhoifigeach Oibríochta agus ceapadh ina Phríómhfheidhmeannach é mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland mar a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála agus roimhe sin mar Bhainisteoir Forbartha Gnó agus mar Stiúrthóir Airgeadais sa chuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin ar Services aux Lotteries en Europe, cuideachta a bhainistíonn an cluiche EuroMillions.



**Micheál Ó Muircheartaigh,**
N.T., BA., B.Comm., H.D.E., D.P.A.

| | |
|---|---|
| *Director – 1,2* | *Stiúrthóir – 1,2* |
| *Age 78* | *Aois 78* |
| *Appointed 6 November 2006; fifth term* | *Ceaptha 6 Samhain 2006, cúigiú téarma* |

Mr Ó Murcheartaigh is a sports' commentator with RTE since 1949 and a sports' journalist for a number of years. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He recently retired from the Board of Guaranteed Irish after nine years as Chairman.

Tráchtaire spóirt le RTÉ é an Muircheartach ó 1949 agus is iriseoir spóirt é le tamall de bhlianta anuas. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir / Chluain Saileach / Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath agus d'fheidhmigh sé mar Chathaoirleach ar an scoil sin ar feadh trí théarma. D'fheidhmigh sé mar Uachtarán ar Ghaelscoileanna, eagraíocht náisiúnta na scoileanna lán-Ghaeilge agus ba chomhalta é de Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. Le déanaí d'éirigh sé as Bord Guaranteed Irish tar éis naoi mbliana a chaitheamh ina Chathaoirleach air.



**James Hyland,**
B.Comm., F.C.A., F.C.I.S., M.C.I.Arb., M.E.W.I.

| | |
|---|---|
| *Director – 1* | *Stiúrthóir – 1* |
| *Age 73* | *Aois 73* |
| *Appointed 6 November 2008; third term* | *Ceaptha 6 Samhain 2008; tríú téarma* |

Mr. Hyland, a chartered accountant, is former Deputy Chief Executive of Golden Vale Group and was Group Chief Executive of Youghal Carpets plc. He is Managing Director of James Hyland & Company, Forensic Accountants, and a partner of Hyland Johnson Murray, Chartered Accountants. He is Chairman or director of a number of other companies including An Post.

Cuntasóir cairte é Mr. Hyland agus is iar-Leas-Phríomhfheidhmeannach é ar ghrúpa Golden Vale agus Príomhfheidhmeannach ar ghrúpa Youghal Carpets plc. Is bainisteoir Stiúrtha é ar James Hyland & Co., Cuntasóirí Fóiréinseacha. Páirtí é i Hyland Johnston Murray, Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina Chathaoirleach agus ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí eile, An Post san áireamh.



**Barbara Patton,** F.M.I.I., M.B.S.

| | |
|---|---|
| *Director* | *Stiúrthóir* |
| *Age 48* | *Aois 48* |
| *Appointed 4 December 2008; second term* | *Ceaptha 4 Nollaig 2008; dara téarma* |

Ms Patton manages a marketing consultancy specialising in business coaching and brand management and has been involved in marketing for over 20 years. Between 1990 and 2000, she held senior management positions with Irish Permanent plc and AIB Capital Markets, prior to which she worked in the drinks industry for 12 years. She is a non-executive director of EBS Building Society and of Social Innovations, an Irish charity.

Bainistíonn Ms. Patton cuideachta chomhairleachta bainistíochta, a bhfuil mar speisialtacht aici oiliúint ghnó agus bainistiú brandaí agus tá sí ag gabháil de bhainistíocht le breis is fiche bliain anuas. Idir 1990 agus 2000 bhí poist ard-bhainistíochta aici le Irish Permanent plc agus AIB Capital Markets. Roimhe sin d'oibrigh sí i ngnó deochanna ar feadh 12 bliana. Stiúrthóir neamh- fheidhmeach í an EBS Building Society agus Social Innovations, cumann carthanachta Éireannach.



**Oliver Wilkinson**

| | |
|---|---|
| *Director* | *Stiúrthóir* |
| *Age 64* | *Aois 64* |
| *Appointed 30 May 2008; first term* | *Ceaptha 30 Bealtaine 2008; an chéad téarma* |

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir as Co. Phort Láirge é Mr. Wilkinson agus is cathaoirleach é ar Cappoquin Development Company Limited. Tá tréimhse fhada caite aige le polaitíocht ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta agus ba chomhairleoir é ar Chomhairle Contae Phort Láirge ar feadh 17 mbliana go dtí 2002. Ba mhéara é ar Chomhairle Chontae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go dtí 2007.

| *Key to Board Committees* | *Coistí Boird: Noda* |
|---|---|
| 1. Audit | 1. Iniúchóireacht |
| 2. Remuneration | 2. Luach Saothair |
| Note: In some cases, the terms have been less than three years. | Nóta: I gcásanna áirithe is téarmaí oifige ar lú ná trí bliana iad atá i gceist. |



**Niamh McGowan,** B.Comm., Dip. Pers. Mgmt., Dip. Empt. Law, Dip. Legal Studies, BL

| | |
|---|---|
| *Director – 1,2* | *Stiúrthóir, 1-2* |
| *Age 42* | *Aois 42* |
| *Appointed 6 November 2007; fourth term* | *Ceaptha 6 Samhain 2007; ceathrú téarma* |

Ms. McGowan is a practising barrister specialising in employment, labour and equality law. She also works as a Human Resource Management consultant (since 2005) which included a short period as acting HR Director of the National College of Ireland. Prior to joining the legal profession, she worked at Chief Executive level within the Jefferson Smurfit Group, managing companies in Britain and Ireland, having joined the organisation straight from university in October 1986.

Abhcóide I Ms. McGowan a chleachtann dlí agus a bhfuil mar shainréimsí aici dlí fostaíochta, saothair agus comhionannais. Oibríonn sí chomh maith (ó 2005 i leith) mar chomhairleoir Acmhainní Daonna. Bhí san áireamh anseo tréimhse mar Stiúrthóir AD gníomhach sa National College of Ireland. Sular ghabh sí le gairm an dlí d'oibrigh sí ar leibhéal Phríomhfheidhmeannaigh taobh istigh de ghrúpa Jefferson Smurfit, agus í ag bainistiú cuideachta sa Bhreatain agus in Éirinn. Chuaigh sí isteach san eagraíocht úd díreach i ndiaidh ollscoile mí Dheireadh Fómhair 1986.



**Michael Tyndall,** B.Comm., F.C.A.

| | |
|---|---|
| *Company Secretary* | *Rúnaí Cuideachta* |
| *Age 57* | *Aois 57* |
| *Appointed 8 May 1998* | *Ceaptha 8 Bealtaine 1998* |

Mr. Tyndall has been Company Secretary in An Post since April 1998. He began his career in the accountancy profession from where he qualified as a chartered accountant. He then worked and held senior financial and management positions in insurance and distribution businesses before joining An Post in January 1989 as Head of Financial Accounting. He is a Trustee of the An Post Superannuation Schemes.

Tá Mr. Tyndall ina Rúnaí Cuideachta in An Post ó mhí Aibreáin 1998. Thosaigh sé a shaol oibre i ngairm na cuntasaíochta mar ar cháiligh sé mar chuntasóir cairte. Ina dhiaidh sin d'oibrigh sé agus bhí poist arda airgeadais agus bainistíochta aige i réimsí chúrsaí árachais agus dáileacháin sula ndeachaigh sé isteach in An Post mí Eanáir 1989 mar Cheann ar Chuntasaíocht Airgeadais. Is Iontaobhaí é ar Scéimeanna Aoisliúntais An Phoist.

# Management
# An Bhainistíocht



**Eddie Banville,** MSc, MGrad, FMII

*Head of Marketing*
*Ceann Margaíochta*



**Noel Browne,** B.Comm., C.A.

*Head of Finance*
*Ceann Airgeadais*



**Dermot Griffin,** B.Comm., F.C.C.A.

*Chief Executive*
*Príomhfheidhmeannach*



**Peter Plunkett,** B.Sc., M. Ind. Eng.

*Head of IT*
*Ceann ar TF*



**Gerald Devin,** B.Sc.

*Head of Sales*
*Ceann ar Dhíolachán*



**Harry Cooke,** M.Sc.(Mgmt.), Dip. Applied Fin.

*Head of Operations and Corporate Affairs*
*Ceann ar Oibríochtaí agus Gnóthaí Corparáideacha*

**Company Solicitor**
**Aturnae Comhlachta**
*Hugh O'Reilly*

**Bankers**
**Baincéirí**
*Bank of Ireland*

**Auditor**
**Iniúchóir**
*KPMG*
*Chartered Accountants*

**Solicitors**
**Aturnaetha**
*Matheson Ormsby Prentice*

**Registered Office:**
General Post Office, O'Connell Street, Dublin 1.

**Oifig Chláraithe:**
Ardoifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1.

# Report of the Directors

**The Directors have pleasure in submitting their twenty second annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December 2008, in fulfilment of their obligations under the Companies Acts, 1963 to 2006.**

## 1. The Company

The Company carries on the business of operating the National Lottery under Licence from the Minister for Finance in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986.

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Finance.

## 2. Results for the Year

The results for the year are set out on page 40.

## 3. Business Review

The information required by Section 13 of the Companies (Amendment) Act, 1986, on the development of the business and important events, is included in the Chairman's Statement and Review of Operations on pages 2 to 23. As described therein, the performance of the Company was again very positive with sales growing by 7.9%, in part driven by strong Lotto growth, the introduction of the Monday Million game in 2008 and the full year of EuroMillions Plus.

As a result, €268 million was raised for the Beneficiary Fund in 2008, compared to €245 million in 2007.

In monitoring the Company's performance, the Directors and management have regard to a range of key performance indicators (KPIs).

| KPI | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Prizes as a percentage of sales | 54.1% | 54.1% |
| Operating costs as a percentage of sales | 14.0% | 14.4% |
| Surplus earned as a percentage of sales | 31.9% | 31.5% |
| Spend per capita | €189.97 | €179.42 |
| Number of retail outlets | 3,675 | 3,623 |

The above KPIs are within the terms of the Licence to operate the National Lottery.

The key risks and uncertainties facing the future development of the Company include the retention of the Company's licence to operate the National Lottery, the Company's significant reliance upon its IT infrastructure and retailer operations, the impact of general economic factors on the Company and the introduction of new games and channels. The Directors have developed a range of strategies to address these and other risks faced by the Company. The Corporate Governance Statement on page 27 sets out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities.

## 4. Directors, Secretary and their interests

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Finance for a fixed term, usually three years, and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

The terms of office of Donal Connell, James Hyland and Barbara Patton expired on 5 November 2008. Donal Connell and James Hyland were re-appointed from that date and Barbara Patton was re-appointed on 4 December 2008. Oliver Wilkinson was appointed to the Board on 30 May 2008.

The Directors and Secretary who held office at 31 December 2008 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a dara tuarascáil bhliantúil is fiche a chur i láthair, maille le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 agus, dá réir, a gcuid dualgas faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 a chomhlíonadh.**

## 1. An Comhlacht

Ritheann an Comhlacht a ghnó chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le Ceadúnas ón Aire Airgeadais faoi réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Tá 80% den scairchaipiteal eisithe i lámha An Post agus tá 20% ag an Aire Airgeadais.

## 2. Torthaí na Bliana

Tá torthaí na bliana leagtha amach ar leathanach 40.

## 3. Athbhreithniú Gnó

Tá an t-eolas a éilítear faoi réir Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, ar fhorbairt an ghnó agus ar imeachtaí tábhachtacha, clúdaithe i Ráiteas an Chathaoirligh agus san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 2 go 23. Mar a ríomhtar ansin, bhí feidhmiú an Chomhlachta an-dearfach arís agus fás 7.9% ar an díolaíocht, mar thoradh cuid mhór ar fhás láidir an Lotto, ar thabhairt isteach chluiche Monday Million i 2008 agus ar bhliain iomlán de EuroMillions Plus.

Mar thoradh air seo, gnóthaíodh €268 milliún do chiste na dtairbhithe i 2008 i gcomparáid le €245 milliún i 2007.

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, tógann na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

| ETF | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Duaiseanna mar chéatadán den díolachán | 54.1% | 54.1% |
| Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán | 14.0% | 14.4% |
| Barrachas tuillte mar chéatadán den díolachán | 31.9% | 31.5% |
| Caiteachas per capita | €189.97 | €179.42 |
| Líon na n-asraon miondíola | 3,675 | 3,623 |

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

I measc na n-eochair-rioscaí agus na neamhchinnteachtaí atá ar aghaidh fhorbairt an Chomhlachta amach sa todhchaí tá coinneáil cheadúnas an Chomhlachta chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil, spleáchas suntasach an Chomhlachta ar a bhonneagar theicneolaíocht faisnéise, an éifeacht a bheidh ag tosca ginearálta eacnamaíochta ar an gComhlacht agus tabhairt isteach chluichí agus chainéil nua. Tá na Stiúrthóirí tar éis raon straitéisí a cheapadh chun déileáil leo seo agus le rioscaí eile a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu. Tá polasaithe agus cur chuige an Chomhlachta maidir le rioscaí agus na gnáthaimh inmheánacha rialaithe gaolmhara leagtha amach sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide ar leathanach 27.

## 4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leas tairbhiúil

Is é an tAire Airgeadais a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta do thréimhse réamhshocraithe, trí bliana sa ghnáthshlí, agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn.

Tháinig tréimhsí oifige Donal Connell, James Hyland agus Barbara Patton chun críche ar 5 Samhain 2008. Athcheapadh Donal Connell agus James Hyland ón dáta sin ar aghaidh agus athcheapadh Barbara Patton ar 4 Nollaig 2008. Ceapadh Oliver Wilkinson ar an mBord ar 30 Bealtaine 2008.

Ní raibh leas tairbhiúil sna scaireanna sa Chomhlacht ná sna bintiúir a bhain leis nó le haon Ghrúp-Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2008.

# Report of the Directors

## 5. Employees

The Company and An Post, which provides seconded staff to the Company, are equal opportunities employers. All applications for employment are given full and fair consideration, due regard being given to the aptitude and ability of the individual and the requirements of the position concerned.

All persons are treated on equal terms as regards training, career development and promotion.

The well-being of staff working in the Company is safeguarded through the strict adherence to health and safety standards. The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 imposes certain requirements in respect of staff and the Company has taken the necessary action to ensure compliance with the Act, including the adoption of a Safety Statement.

## 6. Corporate Governance

Maintaining high standards of corporate governance continues to be a priority of the Directors of An Post National Lottery Company. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the 2006 Combined Code issued by the Financial Reporting Council in the UK. While the provisions of the Combined Code are of direct relevance only to listed companies, the Board feels that their application, where appropriate, assists the Company in its compliance with best corporate governance practice.

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies and the 2006 Combined Code have been applied within An Post National Lottery Company.

### The Board

The Company is controlled through its Board of Directors. The Board's main roles are to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which meets monthly during the year, has a schedule of matters reserved for its approval.

The specific responsibilities reserved to the Board include: setting Company strategy and approving an annual budget and medium-term projections; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery, reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans are in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue takes place with shareholders.

The Board has delegated the following responsibilities to management: the development and recommendation of strategic plans for consideration by the Board that reflect the longer-term objectives and priorities established by the Board; implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws; prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## 5. Fostaithe

Fostóirí comhdheise iad an Comhlacht agus An Post, a sholáthraíonn foireann ar shealscarúint don Chomhlacht. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh go hiomlán agus go cothrom agus tugtar aird chuí ar mhianach agus ar chumas an duine agus ar riachtanais an phoist atá i gceist.

Caitear le gach duine ar bhonn cothrom chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint, le forbairt gairme agus le hardú céime a thabhairt.

Déantar cúram de dhea-bhail na foirne, atá ag obair leis an gComhlacht trí chloí go docht le caighdeáin shábháilteachta agus sláinte. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dualgais áirithe i leith na foirne agus tá na céimeanna riachtanacha glactha ag an gComhlacht chun déanamh de réir an Achta. Áirítear orthusan glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

## 6. Rialachas Corparáide

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist ardchaighdeán rialachais chorparáide a choinneáil. D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá sa Chomhchód a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe i 2006. Siúd is go mbaineann forálacha an Chomhchóid go díreach le cuideachtaí liostáilte amháin, braitheann an Bord go gcuidíonn a bhfeidhmiú mar is cuí leis an gComhlacht chun sár-chleachtas rialachais corparáide a chomhlíonadh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus i gComhchód 2006 i gcás Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

### An Bord

Rialaítear an Comhlacht trína Bhord Stiúrtha. Is iad príomhróil an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chomhlachta, cinnireacht a sholáthar don Chomhlacht, cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta a fhaomhadh agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile chun gur féidir leo na cuspóirí sin a bhaint amach. Uair sa mhí a thagann an Bord le chéile le linn na bliana. Tá sceideal ábhar atá forchoimeádta le faomhadh ag an mBord.

I measc na sainfhreagrachtaí atá forchoimeádta don Bhord tá: straitéis an Chomhlachta a cheapadh; an buiséad bliantúil agus na réamh-mheastacháin mheántéarmacha a fhaomhadh; feidhmiú oibríoch agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go bhfuil téarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil á gcomhlíonadh; córais an Chomhlachta um rialú airgeadais agus bainistiú riosca a athbhreithniú; deimhin a dhéanamh de go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm chun forbairt agus comharbaíocht na bainistíochta a chinntiú; feidhmiú an Chomhlachta ó thaobh na timpeallachta agus cúrsaí sláinte is sábháilteachta de a athbhreithniú; ceapadh Rúnaí an Chomhlachta a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go mbíonn idirphlé sásúil ann leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord don bhainistíocht: pleananna straitéiseacha, a bheadh ag teacht le cuspóirí agus le tosaíochtaí fadtéarmacha an Bhoird, a fhorbairt agus a mholadh don Bhord le scrúdú; straitéisí agus polasaithe an Chomhlachta, mar atá sonraithe ag an mBord, a fheidhmiú; faireachán a dhéanamh ar thorthaí oibríocha agus airgeadais i gcomparáid le pleananna agus le buiséid; córais rialaithe a fhorbairt do reáchtáil na gcrannchur, tosaíochtaí a cheapadh do chionroinnt acmhainní teicniúla is daonna; agus córais bainistíochta riosca a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

# Report of the Directors

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

**The roles of the Chairman and Chief Executive**

